Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7648/25**

**COH 34**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 163 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Beartas Comhtháthaithe nuachóirithe:<br>An t-athbhreithniú meántéarma |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 163 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 163 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 1.4.2025
COM(2025) 163 final

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Beartas Comhtháthaithe nuachóirithe: An t-athbhreithniú meántéarma

GA GA

# Beartas Comhtháthaithe nuachóirithe:
## An t-athbhreithniú meántéarma

Bunaítear le Conarthaí an Aontais Eorpaigh[1] cur chun cinn na dlúthpháirtíochta agus an chomhtháthaithe, agus go háirithe laghdú na n-éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún, mar phríomhchuspóir de chuid an Aontais. Níl ábharthacht pholaitiúil agus eacnamaíoch an bheartais comhtháthaithe ach méadaithe le himeacht ama, i gcomhréir le dul chun cinn an lánpháirtithe Eorpaigh, go háirithe bunú an Mhargaidh Aonair. Tugadh le fios i dtuarascáil 2010 maidir leis an Margadh Aonair '*nach bhféadfadh comhtháthú an mhargaidh a bheith ina phróiseas a rachadh chun tairbhe do chách mura gcomhlánaítear é le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun míchothromaíochtaí struchtúracha a cheartú ar an leibhéal fonáisiúnta'*. D'ainneoin iarrachtaí láidre leanúnacha le blianta fada anuas, tá dúshláin thábhachtacha ann i dtaobh chuspóirí an chomhtháthaithe agus laghdú na n-éagothromaíochtaí réigiúnacha ar fud na hEorpa sa lá atá inniu ann a bhaint amach. Cuireadh i dtábhacht i dTuarascáil Letta an dearcadh atá ag teacht chun cinn maidir le héifeachtaí dáileacháin diúltacha an Mhargaidh Aonair agus '*má fhágtar sin gan aghaidh a thabhairt air, d'fhéadfadh sé an tacaíocht phoiblí agus pholaitiúil atá ríthábhachtach do rath leanúnach an Mhargaidh Aonair a chreimeadh*'.

Ós rud é go mbíonn éifeachtaí neamhshiméadracha ag baint le timpeallacht dhomhanda atá athraithe go radacach do dhaoine agus do chríocha, d'fhéadfadh costais an choigeartaithe titim go díréireach ar réigiúin agus ar earnálacha eacnamaíocha áirithe de chuid an Aontais, rud a d'fhéadfadh éagothromaíochtaí críochacha, sóisialta agus eacnamaíocha a leathnú.

I dTreoirlínte Polaitiúla 2024-2029 a leag an tUachtarán von der Leyen amach, agus leas á bhaint as comhairliúcháin le Parlaimint na hEorpa agus as Clár Oibre 2024-2029 na Comhairle Eorpaí, leagtar amach na príomhthosaíochtaí polaitiúla nua atá ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, lena n-áirítear:

- Plean nua do rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa, lena n-áirítear Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan
- Ré nua do Chosaint agus Slándáil na hEorpa
- Tacú le daoine agus na sochaithe agus an múnla sóisialta atá againn a neartú
- Ár gcáilíocht saoil a choinneáil: slándáil bia, uisce agus an dúlra
- Ullmhacht an Aontais le haghaidh géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a fheabhsú.

**Tá solúbthacht bhunúsach ag beartas comhtháthaithe chun rannchuidiú go mór leis na tosaíochtaí nua ríthábhachtacha thuas, agus ag an am céanna an príomhchuspóir a bhaint amach, is é sin éagothromaíochtaí atá lárnach sa tionscadal Eorpach a laghdú.**

Molann an Coimisiún, i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, leas a bhaint as an athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe chun a rannchuidiú le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn a uasmhéadú agus chun a thionchar ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a mhéadú.

---

[1] Airteagal 3 de CAE agus Airteagal 174 CFAE.

Chun an próiseas a éascú, molann an Coimisiún leasuithe spriocdhírithe ar chreat rialála chistí an bheartais comhtháthaithe[2] chun (i) **tosaíochtaí infheistíochta a ailíniú** leis an gcomhthéacs eacnamaíoch, sochaíoch agus geopholaitiúil atá ag teacht chun cinn agus lenár gcuspóirí aeráide agus comhshaoil agus (ii) **níos mó solúbthachta agus dreasachtaí a thabhairt isteach** chun cur chun úsáide tapa acmhainní a éascú agus dlús a chur le cur chun feidhme na gclár.

## 1. Beartas Comhtháthaithe 2021-2027: Staid na hImeartha

D'ainneoin sheoladh na caibidlíochta maidir le clárthréimhse 2021-2027 go luath in 2019, agus uaillmhianta na mBallstát cláir a bheith réidh lena nglacadh faoi dheireadh 2020, **is in 2023 go bunúsach a cuireadh tús leis an gcur chun feidhme, níos mó ná bliain níos déanaí ná mar a bhí beartaithe**.

Mar gheall ar mheascán tosca a tharla sé sin, go háirithe glacadh déanach na rialachán lena rialaítear an beartas agus an gá atá le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna comhleanúnacha, lena n-áirítear paindéim COVID-19, an cogadh in aghaidh na hÚcráine agus an ghéarchéim fuinnimh a d'eascair as sin, agus an tosaíocht a tugadh do chur chun feidhme ionstraimí Next Generation EU, go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), a raibh sprioc-amanna níos giorra ag baint léi. Thairis sin, cuireadh brú ar acmhainneachtaí údaráis na mBallstát infheistíochtaí a dhearadh agus a sholáthar go tapa leis na tosca sin.

Tá leibhéal na n-íocaíochtaí faoi chlárthréimhse 2021-2027 cosúil leis an leibhéal ag an gcéim choibhéiseach tar éis ghlacadh an chreata rialála do chlárthréimhse 2014-2020[3] ach tá níos lú ama fágtha chun acmhainní an timthrialla atá ann faoi láthair a ionsú go hiomlán[4].

Léiríodh cumas an bheartais comhtháthaithe acmhainní substaintiúla a chur chun úsáide ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil agus ba uirlis thábhachtach é i bhfreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19[5]. Iarradh air arís ansin freagairt d'iarmhairtí chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine (le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip – CARE[6] agus Cúnamh Solúbtha do Chríocha (FAST-CARE)[7], chomh maith leis an nGníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE)[8] chun tacú le FBManna agus teaghlaigh

---

2 Rialacháin (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1058 agus, arna nglacadh ar leithligh, (AE) 2021/1057.

3 I mí na Nollag 2024, bhí an glanráta íocaíochta eatramhaí cothrom le 4.2 % d'imchlúdach iomlán 2021-2027, ráta atá beagán níos airde ná an ráta íocaíochta i mí an Mheithimh 2017 (3.6 %) tráth a raibh an t-am coibhéiseach imithe in éag tar éis ghlacadh na rialachán beartais comhtháthaithe.

4 I dtimthriall CAI 2014-2020, bhí go dtí 3 bliana tar éis dheireadh an timthrialla (i.e. 2023) ag na húdaráis bhainistíochta chun éilimh a chur isteach, agus i dtimthriall 2021-2027 tá go dtí 2 bhliain acu tar éis dheireadh an timthrialla (i.e. 2029).

5 Tríd an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas agus an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus, chomh maith le Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU).

6 Rialachán (AE) 2022/562 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) (IO L 109, 8.4.2022, lch. 1).

7 Rialachán (AE) 2022/2039 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) 2021/1060 a mhéid a bhaineann le solúbthacht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fhogha míleata Chónaidhm na Rúise FAST (Cúnamh Solúbtha do Chríocha) – CARE (IO L 275, 25.10.2022, lch. 23).

8 Tacú le bearta Fuinnimh Inacmhainne faoin mBeartas Comhtháthaithe, mar chuid de REPowerEU. Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta

leochaileacha a bhfuil costais arda fuinnimh rompu). Nuair a scaip tuilte ar fud na hEorpa, ag méadú i ndéine agus i méid, d'fhreagair an beartas comhtháthaithe trí RESTORE a mholadh[9].

Ag an am céanna, ós rud é nár cuireadh sciar mór de bhuiséad imchlúdach an bheartais comhtháthaithe ar conradh go fóill, **tá deis ann leas a bhaint as solúbthacht agus fairsinge an bheartais comhtháthaithe chun na cláir a athdhíriú ar na dúshláin phráinneacha nua** atá os comhair an Aontais Eorpaigh a eascraíonn as timpeallacht dhomhanda atá ag síorathrú. Thairis sin, fágann sé gur féidir **athruithe spriocdhírithe a dhéanamh ar rialacha an bheartais comhtháthaithe** chun é a chur ar a gcumas d'údaráis na mBallstát freagairt níos tapúla do riachtanais phráinneacha infheistíochta.

Is gá, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile chun fócas na mbeart a choigeartú agus éifeachtacht na mbeart a fheabhsú, agus dlús á chur le cur chun feidhme na gclár ag an am céanna.

## 2. An t-athbhreithniú meántéarma a úsáid chun freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn

Le blianta beaga anuas, tá éiginnteacht mhór ag baint leis an dinimic gheopholaitiúil, rud a fhágann gur gá athmheastóireacht bhunúsach a dhéanamh ar uathriail straitéiseach, ar athléimneacht agus ar ullmhacht an Aontais. Tá na hathruithe sin ag titim amach in éineacht leis an aistriú glas, an t-aistriú sóisialta agus an t-aistriú teicneolaíochta, atá ag athmhúnlú an domhain timpeall orainn go tapa. Rinneadh anailís chuimsitheach ar na dúshláin a bhaineann leis na claochluithe comhuaineacha sin sa Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024. Leagtar béim sa tuarascáil ar a phráinní atá sé an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, an t-iomaíochas eacnamaíoch a neartú le dícharbónú mar dheis fáis, agus spleáchais sheachtracha a laghdú trí shlabhraí soláthair a éagsúlú agus infheistíocht a dhéanamh san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, san fhuinneamh glas a tháirgtear ar bhonn intíre agus in earnálacha criticiúla.

Mar fhreagairt air sin, tá roinnt mórthionscnamh seolta cheana féin chun athléimneacht eacnamaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú. Áirítear orthu sin 'REPowerEU', arbh é freagairt an Choimisiúin é ar an gcruatan socheacnamaíoch agus ar an suaitheadh sa mhargadh fuinnimh domhanda arbh é cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ba chúis leis agus 'An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip' (STEP), arb é is aidhm dó ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a neartú. Comhlánaíonn siad sin idirghabhálacha atá ar bun cheana féin trí chláir an bheartais comhtháthaithe agus tríd an 'tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta' (STA), chun tacú le hathruithe struchtúracha sna Ballstáit agus sna réigiúin agus chun a n-athléimneacht a fheabhsú. D'fhéadfadh na Ballstáit tairbhiú d'acmhainní breise chun caibidlí REPowerEU a thabhairt isteach ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, agus é mar aidhm acu borradh a chur faoi athchóirithe agus faoi infheistíochtaí lena ndéantar soláthairtí fuinnimh an Aontais a éagsúlú, lena gcuirtear dlús leis an aistriú glas agus lena dtacaítear le teaghlaigh leochaileacha. Leis an

agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

9 Rialachán (AE) 2024/3236 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1057 agus (AE) 2021/1058 a mhéid a bhaineann le Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil (RESTORE).

Straitéis um Aontas na hUllmhachta a glacadh an 26 Márta 2025, rannchuideofar a thuilleadh le hathléimneacht an Aontais a neartú.

Mar phríomhionstraim infheistíochta an Aontais laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), tá ról ríthábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le tacú leis na tosaíochtaí sin. Spreagtar leis infheistíochtaí spriocdhírithe a rannchuidíonn le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

**Mar sin féin, rinneadh an creat rialála lena rialaítear cistí bheartas comhtháthaithe 2021-2027 a dhréachtú, a chaibidliú agus a ghlacadh in 2019-2021 agus glacadh cláir roimh an tsraith mórimeachtaí geopholaitiúla agus eacnamaíocha a rinne athmhúnlú ar chuid de thosaíochtaí polaitiúla straitéiseacha an Aontais.**

Ar an gcaoi chéanna, rinneadh na Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus na cláir beartais comhtháthaithe náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt agus a fhormheas laistigh den tráthchlár céanna sin, rud a léiríonn na tosaíochtaí a socraíodh ag an am agus atá **bunaithe ar bhunphrionsabail eacnamaíocha a bhfuil athrú mór tagtha orthu** mar gheall ar thurraingí eisginiúla gan choinne amhail an ghéarchéim fuinnimh agus an timpeallacht trádála agus slándála dhomhanda atá ag teacht chun cinn.

Sa chomhthéacs sin, agus bunaithe ar Threoirlínte Polaitiúla 2024-2029, **ó bhí mí na Nollag 2024 ann**, tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le **comhairliúchán fairsing leis na Ballstáit, leis na réigiúin agus leis na húdaráis áitiúla** d'fhonn a n-ionchur a fháil maidir lena dtosaíochtaí polaitiúla agus maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an beartas comhtháthaithe a choigeartú chun freagairt dóibh ar bhealach níos fearr. Tionóladh plé sna Ballstáit agus sa Bhruiséil araon le hionadaithe ó rialtais náisiúnta, ó réigiúin, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, cathracha agus limistéir neamhuirbeacha amhail oileáin. Thairis sin, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste Eorpach na Réigiún[10].

**Ba é an comhdhearcadh ó na comhairliúcháin sin gur féidir an t-athbhreithniú meántéarma a úsáid chun (i) tosaíochtaí nua an Aontais atá <u>laistigh de chláir chomhtháthaithe 2021-2027</u> cheana féin a thabhairt isteach agus (ii) dlús a chur leis an infheistíocht trí shimpliú.**

Chun an dá chuspóir sin a bhaint amach, **tá gá le leasuithe spriocdhírithe** ar na Rialacháin lena rialaítear cistí an bheartais comhtháthaithe atá sa togra reachtach a ghabhann leis an Teachtaireacht seo. Tugtar tuairisc sna ranna seo a leanas den Teachtaireacht seo ar na leasuithe sin agus ar na deiseanna nua a chruthaítear leo do ghníomhaithe an bheartais comhtháthaithe chun a gcláir a ailíniú leis na tosaíochtaí nua. **Dírítear sna leasuithe sin ar réimsí beartais a chuir roinnt páirtithe leasmhara i dtábhacht mar na cinn is práinní** le linn na gcomhairliúchán thuasluaite.

Chomh maith le tuairisc a thabhairt ar na leasuithe rialála atá beartaithe, cuirtear i dtábhacht sna ranna thíos bealaí eile inar féidir leis na Ballstáit tionchar a n-infheistíochtaí sa bheartas comhtháthaithe a uasmhéadú chun na tosaíochtaí coiteanna atá againn a bhaint amach.

[10] Go háirithe, ghlac an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Fitto páirt i malartú tuairimí leis an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) de chuid Pharlaimint na hEorpa maidir le todhchaí an bheartais comhtháthaithe an 27 Eanáir 2025 agus ghlac sé páirt i seisiún iomlánach Choiste Eorpach na Réigiún an 20 Feabhra 2025.


*An bhearna nuálaíochta a dhúnadh, iomaíochas agus dícharbónú a neartú*

Leis an gcompás iomaíochais a ghlac an Coimisiún le déanaí, leagtar amach an treo le haghaidh na 5 bliana amach romhainn chun dinimic eacnamaíoch a spreagadh an athuair san Eoraip. Dá bhrí sin, ba cheart don chompás a bheith ina bhonn eolais don phlé ar athbhreithniú meántéarma an bheartais Comhtháthaithe trí chláir a glacadh in 2022 agus atá bunaithe ar na tosaíochtaí rialála a caibidlíodh agus a comhaontaíodh idir 2019-2021 a athdhíriú ar dhúshláin phráinneacha an lae inniu, is é sin an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, an geilleagar a dhícharbónú chun iomaíochas a mhéadú agus spleáchais a laghdú, agus infheistíocht a dhéanamh in earnálacha nua fáis, i bhfianaise bhonn eacnamaíoch na réigiún.

Dá bhrí sin, is tráthúil do na Ballstáit agus do na réigiúin scrúdú a dhéanamh ar an méid is féidir a dhéanamh chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, agus dlús a chur leis an ullmhacht theicneolaíoch, leis an réamh-mheastachán ar mhargaí idirnáisiúnta agus le staid iomaíoch FBManna.

Is measa an tionchar a bhí ag an dinimic dhomhanda agus ag na haistrithe tionsclaíocha ar roinnt réigiún thar a chéile. Réigiúin atá ag brath an iomarca ar thionscal amháin, tionscal dianfhuinnimh b’fhéidir, a bhfuil a éiceachóras nuálaíochta saincheaptha agus gaibhnithe, tá dúshláin ilghnéitheacha rompu maidir leis an aistriú i dtreo an fháis agus an rathúnais.

Mar shampla, ní mór do na tionscail gluaisteán, tógála agus monaraíochta i roinnt mhaith réigiún athrú ó bhonn, teicneolaíochtaí ísealcharbóin a chur chun úsáide, próisis níos ciorclaí a chur in úsáid agus a bpróisis a dhigitiú chun leanúint de bheith iomaíoch.




Sa tréimhse 2021-2027, cuidíonn beagnach EUR 34 bhilliún de chistiú Comhtháthaithe le hacmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta, glacadh ardteicneolaíochtaí agus sainscileanna a fhorbairt agus a fheabhsú.

Ar an gcaoi chéanna, is féidir digitiú na seirbhísí poiblí agus comhtháthú na hintleachta saorga (IS) san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a úsáid mar sheift chun iomaíochas a ghnóthú. Cuireann an beartas comhtháthaithe tacaíocht nach beag ar fáil cheana féin don aistriú digiteach le tionscadail dar luach EUR 31 bhilliún, amhail Idirlíon na Rudaí Nithiúla, an imeall-ríomhaireacht, an Intleacht Shaorga, róbataic agus réaltacht bhreisithe, nó r-sheirbhísí rialtais agus r-shláinte.

Ar deireadh, tá rochtain ar fhoinsí slána agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil agus teicneolaíochtaí glan-nialasacha fíor-riachtanach d'iomaíochas na dtionscal iartheachtach uile. Roghnaigh an Coimisiún an 25 Márta 2025 an chéad liosta de thionscadail Straitéiseacha faoin nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla. Bíonn tionscadail den sórt sin incháilithe faoi STEP.

Ós rud é go ndéanann na dúshláin don iomaíochas difear do gach réigiún san Aontas, **molann an Coimisiún go bhféadfaí tacaíocht CFRE/CC a thabhairt do thionscadail a thagann faoi raon feidhme STEP i ngach réigiún**, lena n-áirítear i réigiúin níos forbartha de Bhallstáit an Aontais a bhfuil OTI *per capita* acu atá os cionn mheán AE-27. Thairis sin, molann an Coimisiún deireadh a chur leis an uasteorainn atá socraithe ag 20 % de leithdháileadh CFRE le haghaidh athchlárú i dtreo STEP. Cuirtear síneadh suas le 2 mhí leis an sprioc-am chun leasuithe STEP a chur isteach tar éis theacht i bhfeidhm na n-athruithe rialála atá beartaithe in éineacht leis an Teachtaireacht seo.

Tá sé tábhachtach **ról na bhfiontar mór** san fhorbairt réigiúnach a aithint agus a neartú, ós rud é go stiúrann siad taighde, nuálaíocht, eolas agus aistriú teicneolaíochta i dtreo cuideachtaí eile ina slabhra luacha. Leis an mbeartas comhtháthaithe, leithdháiltear EUR 9 mbilliún ar fhiontair mhóra cheana féin agus is féidir dul chun cinn seasta a dhéanamh agus níos mó ná an ceathrú cuid de na hacmhainní beartaithe á leithdháileadh ar thionscadail aonair T & N i bhfiontair mhóra. Tá 10 dTionscadal Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) maoinithe go dtí seo ar fud na hEorpa. Áirítear leis sin, mar shampla, tionscadail hidrigine san Eastóin, san Ísiltír agus sa Pholainn, nó tionscadail mhicrileictreonaice sa Ghréig, sa Pholainn agus san Iodáil. Tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit tacaíocht a shainaithint do thionscadail fhéideartha IPCEI amach anseo.

Agus é mar chuspóir tionchar thacaíocht an Aontais a uasmhéadú chun borradh a chur faoin bhfás agus faoin iomaíochas, agus a mhéid a chomhlíontar rialacha Státchabhrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 CFAE agus sna treoirlínte is infheidhme, **molann an Coimisiún raon feidhme na tacaíochta d'infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad faoi CFRE a leathnú** i gcásanna ina n-úsáidtear na hacmhainní airgeadais chun (1) tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí **STEP**, (2) feabhas a chur ar na hacmhainneachtaí tionsclaíocha chun cumais **chosanta** a chothú, (3) rannchuidiú le **tionscadal cosanta Eorpaigh ar mhaithe leis an leas coiteann**, nó (4) **dícharbónú** tionsclaíoch a éascú, amhail do thionscail dianfhuinnimh nó sa tionscal gluaisteán. Féadfar tacú freisin le hinfheistíochtaí i dtionscadail atá rannpháirteach go díreach in IPCEI arna fhormheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE, i gcomhréir le Teachtaireacht C(2021) 8481 i bhfiontair nach FBManna iad. Éascaítear tacaíocht d'fhiontair, nach FBManna iad, faoin gCiste um Aistriú Cóir freisin toisc nach gá anailís a dhéanamh ar bhearnaí slándála ina leith.

Is iad muintir na hEorpa agus ag a gcuid scileanna neart na hEorpa. Tá an caipiteal daonna atá againn ríthábhachtach do rathúnas an Aontais, dá athléimneacht eacnamaíoch chun an fás táirgiúlachta atá againn a mhéadú, agus chun comhtháthú a chothú. Tá sé de chuspóir ag **Aontas na Scileanna**[11] deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a sholáthar, *inter alia*, trí **Chuntais Foghlama Aonair** a bhunú agus a chur i bhfeidhm. Forbróidh an Coimisiún scéim phíolótach maidir le **Ráthaíocht Scileanna**. Tabharfaidh an scéim sin deis d'oibrithe a bhfuil baint acu le próisis athstruchtúraithe, nó atá i mbaol dífhostaíochta, a ngairmeacha beatha a

[11] COM(2025) 90 final.

fhorbairt a thuilleadh i gcuideachta eile nó in earnáil eile. Sa chomhthéacs sin agus chun coigeartú tionsclaíoch a bhaineann le dícharbónú na bpróiseas táirgthe agus na dtáirgí a éascú, déantar **Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)**, sa bhreis ar na féidearthachtaí tacaíochta atá ann cheana, **a mhodhnú trí thogra reachtach ar leithligh chun** scileanna, cothabháil post agus cruthú post a éascú le linn an phróisis sin trí sholúbthachtaí a sholáthar don chur chun feidhme.

Chun tuilleadh feabhais a chur ar **ghiaráil InvestEU**, clár suaitheanta an Aontais chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i dtionscail chriticiúla, agus chun na féidearthachtaí aistrithe dá bhforáiltear cheana leis an reachtaíocht a chur chun cinn, **molann an Coimisiún go bhféadfaí acmhainní a aistriú ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe chuig** urranna **InvestEU** de chuid na mBallstát chun ionstraim airgeadais nua InvestEU a chur chun feidhme chun cuspóirí an bheartais comhtháthaithe a bhaint amach, mar a áirítear sa togra le haghaidh leasú ar Rialachán InvestEU[12].

Ina theannta sin, d'fhéadfadh moill a bheith ar thionscadail atá rannpháirteach go díreach in IPCEI formheasta nuair a roghnaíonn na Ballstáit tionscadail den sórt sin a chistiú trí chistí comhtháthaithe. Tá an nós imeachta iarratais le haghaidh chistiú CFRE, go háirithe glaonna a eagrú agus iarratas i nglaonna, sa bhreis ar an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh thionscadail IPCEI (lena mbaineann glaonna oscailte freisin) a eagraítear ar an leibhéal náisiúnta chun tairbhithe Státchabhrach a roghnú de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go mbeadh cead ag na Ballstáit, i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, tacaíocht a dheonú ó CFRE agus ó CSE+ do thionscadail atá rannpháirteach go díreach in IPCEI arna fhormheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE agus de bhun Theachtaireacht C(2021) 8481.

Chomh maith leis an méid is féidir a dhéanamh trí athruithe reachtacha, **iarannn an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na réigiúin**, agus iad á n-athchlárú faoin athbhreithniú meántéarma, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **tacaíocht do STEP a mhéadú**, sa bhreis ar EUR 6 bhilliún de chistiú Comhtháthaithe a atreoraíodh cheana féin i dtreo infheistíocht in earnálacha agus i dteicneolaíochtaí straitéiseacha na hEorpa;
- **a bheith níos roghnaithí agus cabhair á deonú do ghnólachtaí.** Nuair a dhéantar cistiú do FBManna a dháileadh go róleathan, is féidir go maolaítear a thionchar. Le tuilleadh roghnaíochta, is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt do nuachóiriú agus d'éagsúlú na ngeilleagar réigiúnach trí thacaíocht do FBManna in earnálacha tionsclaíocha a bhfuil gealladh fúthu a nascadh, mar shampla, le hinfheistíochtaí in T&N, trí theicneolaíochtaí digiteacha a ghlacadh, trí bhraislí áitiúla agus codanna áitiúla de shlabhraí luacha an Aontais a neartú trí phróisis chiorclacha a chur chun cinn, nó trí úsáid níos fearr a bhaint as soláthar poiblí nuálach;
- **díriú ar chuideachtaí ceannródaíocha nuálacha**, chun scaipeadh na nuálaíochta, ardacmhainneachtaí monaraíochta dícharbónaithe agus teicneolaíochtaí glana, agus glacadh IS a chumasú, ag cuidiú leis na cuideachtaí sin a rannchuidíonn le hearnálacha straitéiseacha agus slabhraí luacha na hEorpa, amhail an intleacht shaorga, teicneolaíocht leathsheoltóra agus chandamach, ardábhair, dícharbónú, bith-theicneolaíocht, cosaint, nó teicneolaíochtaí spáis. Ba cheart a áireamh leis sin leas

[12] COM(2025) 82 final.

iomlán a bhaint as na deiseanna le haghaidh aistrithe buiséadacha agus chun tacú le Séalaí Barr Feabhais agus séalaí STEP arna mbronnadh ag an gComhairle Nuálaíochta Eorpach a roghnaíonn gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta agus FBManna sna réimsí sin.

- **feabhas a chur ar an tacaíocht d'acmhainneachtaí digiteacha** amhail IS, néalsheirbhísí agus gigeamhonarchana chun é a chur ar a gcumas do chuideachtaí rochtain a bheith acu ar bhonneagair seirbhíse cheannródaíocha is gá don nuálaíocht agus don iomaíochas.
- **ról na bhfiontar mór** san fhorbairt réigiúnach **a aithint agus a neartú**, ós rud é go stiúrann siad taighde, nuálaíocht, eolas agus aistriú teicneolaíochta i dtreo cuideachtaí eile ina slabhra luacha.
- **maoiniú a chur ar fáil do thionscadail straitéiseacha a roghnaítear faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais**, nach bhfuil maoiniú leordhóthanach acu chun tacú leo ar fad agus a d'fhéadfadh cláir beartais comhtháthaithe a ghlacadh nuair a bheidh siad aibí go leor chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad laistigh de chreat ama an bheartais agus nuair a fhreastalaíonn siad ar straitéis thionsclaíoch na tíre agus/nó an réigiúin. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás na dtionscadal a roghnaítear faoin gCiste don Nuálaíocht, nó i gcás Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI), nó i gcás tionscadail Straitéiseacha faoin nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla, faoin nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla agus faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Ba cheart do na Ballstáit agus do na réigiúin a ndícheall a dhéanamh nósanna imeachta maoinithe a shimpliú agus a thabhairt chun tosaigh faoi rialacha comhtháthaithe do thionscadail den sórt sin a bhfuil nósanna imeachta measúnaithe diana déanta orthu cheana féin.
- Tacú le FBManna nuálacha a uas-scálú ina **gCuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga.**
- A áirithiú go **méadófar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide** trí infheistíochtaí ag a bhfuil cistiú comhtháthaithe, i gcomhréir freisin leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta agus le coincheap na hullmhachta agus na slándála trí dhearadh a cheart a leabú i mbeartais uile an Aontais.

### *An chosaint agus an tslándáil*


Leis an timpeallacht gheopholaitiúil nua, ní mór díriú go láidir ar athléimneacht ár ngeilleagar, ar ár n-ullmhacht agus ar ár gcumais chosanta chomh maith lenár spleáchais a laghdú. Ní mór don Aontas Eorpach cinntí ríthábhachtacha a dhéanamh anois chun cur leis an tacaíocht a thugann sé d'fhorbairt a chumais chosanta agus d'iomaíochas thionscal cosanta an Aontais. Cuirfidh an iarracht sin ar a gcumas don Aontas aghaidh a thabhairt ar an bpráinn a bhaineann le tacaíocht a thabhairt don Úcráin agus slándáil fhadtéarmach na mór-roinne á háirithiú ag an am céanna.

Tá freagairt láithreach molta ag an gCoimisiún don Chomhairle Eorpach — plean ReArm Europe[13] — a d'fhéadfadh EUR 800 billiún ar a laghad a bhaint amach sna ceithre bliana amach romhainn le haghaidh infheistíochta i réimse na cosanta, lena n-áirítear an caiteachas a

[13] *White Paper for European Defence Readiness* 2030 [Páipéar Bán maidir le hUllmhacht Chosanta na hEorpa 2030] — JOIN(2025) 120 final.

mhaoinítear leis an EUR 150 billiún ó SAFE. I measc na seifteanna sin, is féidir le buiséad an Aontais rannchuidiú a thuilleadh leis an iarracht chomhchoiteann sin. I ndáil leis sin, d’fhógair an Coimisiún go gcuirfeadh sé tograí ar aghaidh chun ionstraimí an Aontais atá ann cheana a dhéanamh níos solúbtha chun níos mó infheistíochta cosanta a cheadú.

**Tá infheistíochtaí a bhaineann leis an tslándáil agus leis an gcosaint á gcistiú** cheana féin ag an mbeartas comhtháthaithe, **ar infheistíochtaí iad a rannchuidíonn leis an bhforbairt réigiúnach**. Tacaíonn na hinfheistíochtaí sin le teicneolaíochtaí agus bonneagar dé-úsáide chun soghluaisteacht mhíleata a fheabhsú, chomh maith leis an tionscal cosanta dá réir, trí nuálaíocht teicneolaíochta míleata, feabhsú acmhainneachta táirgeachta, agus bonneagar slabhra soláthair a chistiú chomh maith le tionscadail chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill soláthair fuinnimh agus tionscadail chun bonneagar fuinnimh a sholáthar[14]. Is minic a chruthaíonn tionscail chosanta éiceachórais taighde agus forbartha agus thionsclaíocha a théann chun tairbhe réigiúin agus phobail na hEorpa. Tá fócas críochach an bheartais ábhartha go háirithe chun sineirgí réigiúnacha agus ailíniú le láidreachtaí áitiúla a chothú, ag freagairt d’éiceachóras cosanta Eorpach atá an-éagsúil.




Is féidir le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla **an t-athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe a úsáid go deonach chun cistí laistigh dá gcláir atá ann faoi láthair** a leithdháileadh ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear cumais chosanta a neartú. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025, chun deiseanna agus dreasachtaí breise a chur ar fáil do na Ballstáit ar mian leo infheistíocht a dhéanamh ina gcumais chosanta i gcomhréir le cuspóirí an bheartais comhtháthaithe, molann an **Coimisiún dhá chuspóir shonracha nua a chruthú** laistigh de raon feidhme Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus laistigh den tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe atá ann cheana. Cuidíonn na cuspóirí sonracha sin freisin le réigiúin teorann in Oirthear an Aontais.

[14] Rannchuidíonn cistí comhtháthaithe freisin le slándáil inmheánach an Aontais trí raon leathan infheistíochtaí, rud a chuireann cur chuige cuimsitheach príomhshruthaithe chun cinn i leith na slándála agus na hullmhachta.

- Leis an gcéad chuspóir nua, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit **méideanna a athchlárú** go deonach, faoina gcláir 2021-2027 faoin sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis', **chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí táirgiúla i bhfiontair in earnáil na cosanta gan srian ó thaobh thíreolaíocht nó mhéid an fhiontair de**, agus urraim iomlán do na rialacha maidir le Státchabhair á háirithiú ag an am céanna, ar rialacha iad atá fós infheidhme. Neartóidh sé sin acmhainneachtaí foriomlána cosanta agus ullmhachta na hEorpa, i gcomhréir le cuspóirí foriomlána an bheartais comhtháthaithe maidir le héagothromaíochtaí eacnamaíocha, críochacha agus sóisialta a laghdú ar fud an Aontais.

- Leis an dara cuspóir sonrach nua a bhaineann le cosaint, rannchuidítear le **bonneagar athléimneach cosanta nó dé-úsáide a thógáil chun soghluaisteacht mhíleata san Aontas a chothú**.

I bhfianaise ghlao na Comhairle Eorpaí dlús a chur le slógadh maoinithe le haghaidh infheistíochtaí i gcosaint an Aontais, **molann an Coimisiún go dtairbheodh infheistíochtaí sa tosaíocht sin, a dtacaítear leo le hath-leithdháileadh, de réamh-mhaoiniú 30 % in 2026 agus as ráta cómhaoinithe 100 % ón Aontas**.

**Tá na scileanna cearta ríthábhachtach chun acmhainneacht cosanta éifeachtach a bhaint amach.** Le hAontas na Scileanna, leagtar amach gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna agus ar ghanntanais scileanna san Eoraip; leis an gComhshocrú um Scileanna, go háirithe, bunaíodh comhpháirtíocht mhórscála maidir leis an éiceachóras cosanta[15]. Trí réamhaisnéis scileanna, tacaíonn sé le hullmhacht chomhchoiteann maidir leis na bearnaí scileanna a bheidh ar na bacáin don Eoraip, agus riachtanais scileanna tionscail agus réamhaisnéisí maidir leis na scileanna déimeagrafacha do na 5 bhliana go 10 mbliana amach romhainn á gcur san áireamh. Is é is aidhm dó uasghrádú a dhéanamh ar chláir uas-scilithe agus athscilithe chun iad a dhéanamh níos tarraingtí trí thallann a mhealladh agus a fhorbairt ar bhealach níos fearr agus trí fheabhas a chur ar dhaoine oilte a choinneáil. Sa chomhthéacs sin, éascóidh CSE+ forbairt scileanna sa tionscal cosanta freisin trí sholúbthachtaí breise maidir le cur chun feidhme a chur ar fáil **trí thosaíocht nua eile, an tríú ceann, a chur le Rialachán CSE+ mar a cuireadh chun cinn i dtogra reachtach ar leithligh**. Le CSE+, bainfear leas as na hionstraimí uile atá ar fáil chun tacú leis sin, lena n-áirítear tacaíocht do Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

**Thairis sin, molfaidh an Coimisiún i dtogra reachtach atá le teacht leasú a dhéanamh ar Rialachán STEP agus ar reachtaíocht ghaolmhar lena gcumhdaítear roinnt clár de chuid an Aontais chun an ceathrú hearnáil STEP a chur leis** lena ndíreofar ar chosaint a bhféadfaí tacú léi le hionstraimí an Aontais atá ann cheana, go háirithe Fís Eorpach agus an clár don Eoraip Dhigiteach.

Ar deireadh, moltar do na Ballstáit freisin **úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair acmhainní a leithdháiltear orthu faoi bhainistíocht chomhroinnte a aistriú go deonach chuig cláir a bhainistítear go díreach agus a bhfuil cuspóirí cosanta agus slándála acu**. Sa chomhthéacs sin, le haistrithe chuig an imchlúdach Soghluaiseachta Míleata de chuid na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE), d'áiritheofaí idirghabhálacha comhordaithe feadh na gconairí soghluaisteachta míleata

---

15 https://pact-for-skills.ec.europa.eu/about/industrial-ecosystems-and-partnerships/aerospace-and-defence_ga

a léirítear sa Pháipéar Bán maidir le Cosaint. Leasófar Rialachán SCE chun na rátaí réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe céanna a bhfuil buntáiste ag baint leo a léiriú.

### *Tithíocht inacmhainne*

Ní hamháin gur riachtanas bunúsach í **tithíocht** — is ceart bunúsach í. Ina Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029, chuir an tUachtarán von der Leyen i dtábhacht go láidir '*go bhfuil géarghá aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim thithíochta atá roimh na milliún teaghlach agus daoine óga*' agus go bhfuil bearna infheistíochta nach beag i dtithíocht shóisialta agus inacmhainne atá ag dul i méid. Tá sé sin ríthábhachtach chun tacú le daoine, chun ár sochaithe agus ár múnla sóisialta a neartú, agus iomaíochas na hEorpa a chur chun cinn agus ár ndaonlathas a chosaint ag an am céanna.

Ó tháinig deireadh leis an ngéarchéim airgeadais, tá méadú tagtha ar an éileamh ar thithíocht ach níor tháinig méadú den luas céanna ar sholáthar tithíochta nua agus athchóirithe. Mar thoradh air sin, tá méaduithe nach beag tagtha ar phraghsanna tithíochta agus ar chíosanna i gcoitinne ach ar bhealach níos géire i roinnt réigiún agus cathracha. Ag an am céanna, níl méadú chomh mór céanna tagtha ar an bpá agus atá ar chostas na tithíochta. Mar gheall ar an bhforbairt mhíchothrom sin, tá bearna atá ag dul i méid idir infhaighteacht tithíochta inacmhainne agus riachtanais an daonra[16].

Cé nach ionann déine na saincheiste ó thír go tír agus ó réigiún go réigiún, tá tionchar forleathan aici. Cuireann costais arda tithíochta iallach ar go leor teaghlach sciar díréireach dá n-ioncam a leithdháileadh ar chíos nó ar mhorgáistí, rud a fhágann níos lú do riachtanais eile amhail bia, cúram sláinte agus oideachas — agus i mbaol bochtaineachta dá bharr. In 2023, chaith teaghlach amháin as gach triúr atá i mbaol bochtaineachta 40 % nó níos mó d'ioncam indiúscartha an teaghlaigh ar thithíocht. Ina theannta sin, cuideoidh gníomhaíochtaí comhbheartaithe chun tithíocht níos inacmhainne agus níos inbhuanaithe a chruthú le daoine atá ag tabhairt aghaidh ar staid thromchúiseach bochtaineachta fuinnimh. In 2023, ní raibh 10,6 % de mhuintir na hEorpa in ann a dtithe a choinneáil te go leor. Ag an am céanna, tá tithíocht atá aeráid-díonach de dhíth ar dhaoine.

Mar gheall ar an easpa tithíochta leordhóthanaí inacmhainne, tá méadú ag teacht ar an líon teaghlach atá faoi dhiandeacrachtaí, ach tá gné iomaíochais ag baint léi freisin. Go deimhin, bíonn fadhbanna ag cuideachtaí Eorpacha i roinnt limistéar oibrithe a mhealladh toisc go bhfuil na costais tithíochta agus mhaireachtála sna ceantair sin díréireach ard i gcomparáid le hioncam.

Tá praghsanna arda ag cur seirbhísí poiblí i gcathracha áirithe faoi bhrú freisin mar gheall ar dheacrachtaí a bhaineann le hoibrithe poiblí ríthábhachtacha a mhealladh (múinteoirí, altraí, póilíní, etc.). D'fhéadfadh éifeachtaí sóisialta níos leithne a bheith ag easpa tithíochta inacmhainne, amhail go gcuirfí bac ar lánúineacha óga socrú síos agus clann a bheith acu, nó go roghnódh mic léinn ionchasacha conairí gairme malartacha ó tharla gan lóistín inacmhainne do mhic léinn a bheith ar fáil dóibh. Chun tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, moladh cur chuige comhordaithe sna Treoirlínte Polaitiúla, a leagfar amach i '**Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne**'. I mí Eanáir 2025, bhunaigh Parlaimint na hEorpa Coiste Speisialta um an nGéarchéim Thithíochta san

[16] https://unece.org/sites/default/files/2025-02/ECE-HBP-225_Housing%20Affordability_E_web.pdf

Aontas Eorpach arb é is cuspóir dó scrúdú a dhéanamh ar bhunchúiseanna na géarchéime tithíochta agus moltaí beartais a chur ar aghaidh maidir le réitigh a d'fhéadfaí a fhorbairt ar leibhéal an Aontais. Cuirfear na moltaí sin san áireamh agus an Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne á chur chun cinn.

Mar chuid den tionscnamh uileghabhálach sin, gheall an Coimisiún go **gcuirfeadh sé ar ag gcumas do na Ballstáit na hinfheistíochtaí beartais comhtháthaithe atá beartaithe i dtithíocht inacmhainne a dhúbailt**. Tá an beartas comhtháthaithe ag cuidiú cheana féin le feabhas a chur ar earnáil tithíochta an Aontais trí EUR 7.5 billiún a leithdháileadh i gclárthréimhse 2021-2027, go háirithe ar fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní agus ar thithíocht shóisialta, agus tá níos mó ná leath den leithdháileadh bronnta ar thionscadail cheana féin. I bhfianaise mhéid agus phráinn na riachtanas agus go bhfuil glacadh mór ag na Ballstáit leis an tacaíocht go dtí seo, **ní mór tús a chur leis an iarracht tacaíocht an bheartais comhtháthaithe do thithíocht inacmhainne a dhúbailt leis an athbhreithniú meántéarma**.

Dá réir sin, **molann an Coimisiún athruithe reachtacha chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta atá ag dul i méid trí leathnú a dhéanamh ar na deiseanna atá ag na Ballstáit athchlárú a dhéanamh faoina gcláir 2021-2027 i dtreo infheistíochtaí lena gcuirtear rochtain ar thithíocht inacmhainne chun cinn.** Ba cheart d'infheistíochtaí faoin Bauhaus Eorpach Nua leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí nua sin a chuirtear ar fáil.

Áireofar na cuspóirí sonracha breise comhfhreagracha a bhaineann le tithíocht inacmhainne faoi thrí chuspóir beartais, rud a fhágfaidh go mbeidh solúbthacht ann do na Ballstáit agus do na réigiúin ag brath ar a struchtúir chlársceidealaithe agus ar fhócas na n-idirghabhálacha tithíochta.

Chun dreasacht leordhóthanach a áirithiú do na Ballstáit chun cistiú do thithíocht inacmhainne a mhéadú laistigh de na leithdháiltí cistí comhtháthaithe atá ar fáil, **molann an Coimisiún go dtairbheodh infheistíochtaí a ath-leithdháileadh ar an réimse tosaíochta sin de réamh-mhaoiniú 30 % in 2026 agus as ráta cómhaoinithe méadaithe 100 %**.

D'ullmhaigh seirbhísí an Choimisiúin samhail d'ionstraim airgeadais freisin i gcomhpháirt leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) chun cistiú an bheartais comhtháthaithe a chomhcheangal le hacmhainní ó BEI agus ó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile, ó bhainc náisiúnta le haghaidh spreagtha agus ó bhainc náisiúnta thráchtála chun tacú le hinfheistíochtaí i dtithíocht inacmhainne. Leis an tsamhail sin d'ionstraim airgeadais, is féidir tionchar acmhainní an bheartais comhtháthaithe ar sholáthar tithíochta inacmhainne a mhéadú go mór trí mhaoiniú príobháideach agus trí mhaoiniú lamháltais a ghiaráil, rud a thugann dreasacht bhreise d'údaráis náisiúnta agus réigiúnacha rannchuidiú leis an sprioc rannchuidiú an bheartais comhtháthaithe le tithíocht inacmhainne a dhúbailt sa chlárthréimhse 2021-2027.

Go hachomair, **iarannn an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na réigiúin**, agus iad ag athchlárú faoin athbhreithniú meántéarma, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **an cistiú a leithdháiltear sna cláir ar thithíocht inacmhainne i** dtimthriall 2021-2027 **a dhúbailt;**
- **cistiú den sórt sin a ghiaráil trí ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear tríd an ardán infheistíochta uile-Eorpach um thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe atá le teacht**;

- **dlús a chur le rialacha ceadaithe agus pleanála** ar an leibhéal áitiúil agus cathrach agus iad a chuíchóiriú chun dlús a chur leis an seachadadh agus chun a áirithiú gur féidir le hinfheistíochtaí torthaí a bhaint amach go tapa, agus beidh buntáistí inbhuanaithe fadtéarmacha ann dá bharr sin, mar shampla do thionóntaí ar ioncam íseal agus do cheannaitheoirí céaduaire nó lóistín do mhic léinn.
- **tacú le tionscadail tithíochta atá comhsheasmhach le tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua**.

### *Athléimneacht uisce*

Is acmhainn ríthábhachtach é an t-uisce do shlándáil ár gcóras bia, fuinnimh agus eacnamaíoch, ach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda araon, tá méadú ag teacht ar an mbrú atá ar acmhainní uisce mar gheall ar thruailliú, ar chailliúint na bithéagsúlachta agus ar an athrú aeráide, atá ag luí go trom ar acmhainní uisce cheana féin.

Tá sé ríthábhachtach éiceachórais uisce agus mhuirí a chosaint agus a athbhunú chun cáilíocht an uisce agus cainníocht an uisce a áirithiú. Is bonneagair ríthábhachtacha iad éiceachórais shláintiúla uisce, bonneagar uisce glas, gorm agus liath agus córais bainistithe uisce agus tá siad fíorthábhachtach freisin dár n-iomaíochas, dár gcáilíocht saoil, dár gcumais slándála agus chosanta, mar an gcéanna le bonneagar fuinnimh. Tá ár gcórais uisce i mbaol tuilte agus triomach níos minice agus níos tromchúisí, chomh maith le hionsaithe mailíseacha, lena n-áirítear cibirionsaithe. D’fhéadfadh easpa bonneagair éifeachtaigh uisce agus easpa athléimneachta uisce an bonn a bhaint de shlándáil bia agus de tháirgeadh bia an Aontais. Ní mór don Aontas na héiceachórais agus na bonneagair sin a chosaint trí infheistíochtaí a mhéadú agus an soláthar uisce agus an bonneagar uisce a chur san áireamh trí rochtain ar uisce agus soláthar uisce a áirithiú dár saoránaigh agus dár sochaithe i ngach cás.

Tá creat dlíthiúil láidir bunaithe ag an Aontas chun uisce a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus slán, ach tá tuilleadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme ríthábhachtach agus tá géarghá le gníomhaíocht níos cinntithí. Éilítear le hathléimneacht uisce aistriú ó bhainistiú géarchéime frithghníomhach go bainistiú réamhghníomhach, rioscabhunaithe agus ullmhacht mhéadaithe.

Sa tréimhse 2021-2027, tá beagnach EUR 13 bhilliún á infheistiú i seirbhísí uisce agus i mbailiú agus i gcóireáil fheabhsaithe fuíolluisce i gcláir an bheartais comhtháthaithe. Ach tá gá le hiarrachtaí breise ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach chun dul chun cinn leordhóthanach a áirithiú.

Dá bhrí sin, chun béim chuí a leagan ar thábhacht agus ar fhócas na n-infheistíochtaí in athléimneacht uisce, **molann an Coimisiún cuspóir sonrach a chur san áireamh a bhaineann le rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce agus athléimneacht uisce a chur chun cinn.**

Chun dreasacht leordhóthanach a áirithiú do na Ballstáit chun cistiú d’athléimneacht uisce a mhéadú laistigh de na leithdháiltí cistí comhtháthaithe atá ar fáil, **molann an Coimisiún go ndéanfaí réamh-mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí den sórt sin sa tosaíocht sin a fhaigheann tacaíocht ó ath-leithdháileadh a mhéadú go 30 % in 2026 agus go dtairbheodh na hinfheistíochtaí sin de ráta cómhaoinithe méadaithe 100 % ón Aontas**.

Thairis sin, **iarann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na réigiúin**, agus iad ag athchlárú faoin athbhreithniú meántéarma, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **sochaí athléimneachta uisce a thógáil**, trí athchóiriú méadaithe ar dhobharlaigh, réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun úsáide chun riosca tuilte a laghdú agus acmhainneacht na n-éiceachóras uisce a stóráil a mhéadú, rialú feabhsaithe ar astarraingtí uisce agus éifeachtúlacht mhéadaithe uisce, digitiú méadaithe ar bhonneagar uisce agus athúsáid uisce, tionchair atá ag triomaigh agus ag gaineamhlú a mhaolú chomh maith le rioscaí slándála nó cibearshlándála, truailliú a laghdú, lena n-áirítear comhlíonadh *acquis* uisce an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh.

### *Aistriú fuinnimh*

Réimse eile ina rannchuidíonn infheistíochtaí sa bheartas comhtháthaithe le tosaíochtaí an Aontais is ea gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú aeráide, ina n-infheistítear níos mó ná EUR 110 mbilliún sa bheartas.

Chuir an Coimisiún i láthair sa chompás iomaíochais, sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne conair nithiúil don Eoraip chun a hiomaíochas a fháil ar ais agus rathúnas inbhuanaithe a dhaingniú, agus an dícharbónú agus an chiorclaíocht mar spreagthaí don fhás.

Is féidir le cistí comhtháthaithe tacú cheana féin le hinfheistíochtaí i gcuspóirí aeráide, ach ba cheart dlús breise a chur leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh an dícharbónú ina spreagadh don fhás do thionscail na hEorpa agus do rathúnas mhuintir na hEorpa. I bhfianaise riachtanais infheistíochta nach beag an aistrithe ghlain, ní mór do na Ballstáit leanúint d'infheistíocht a dhéanamh san aistriú i gcomhréir leis na spriocanna caiteachais aeráide atá ann cheana.

Tá tacaíocht nach beag á cur ar fáil do thionscadail i réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh, an fhuinnimh in-athnuaite, an bhonneagair iompair uirbigh agus na n-infheistíochtaí iarnróid a rannchuideoidh go díreach le hastaíochtaí a laghdú san Aontas. Infheistítear leis an mbeartas comhtháthaithe, mar shampla, EUR 24 bhilliún in éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear sciar nach beag den earnáil tithíochta.

Tá infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh glana inacmhainne, agus infheistíochtaí in úsáid fuinnimh ar bhealach níos éifeachtúla ríthábhachtach don aistriú chuig geilleagar dícharbónaithe agus d'acmhainneacht na hEorpa dul san iomaíocht ar fud an domhain, ós rud é go bhfuil tionchar mór ag an bpraghas fuinnimh ar chostais thionsclaíocha. Tá infheistíochtaí le haghaidh níos mó ná EUR 15 bhilliún beartaithe cheana féin i gcláir 2021-2027.

Ar an gcaoi sin, agus chun dlús a chur le dícharbónú na tionsclaíochta atá riachtanach chun cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach, **molann an Coimisiún raon feidhme na tacaíochta ó CFRE a leathnú chuig tionscadail dícharbónaithe**. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás **tionscadail a roghnaítear faoin gCiste don Nuálaíocht arna bhunú leis an gCóras Trádála Astaíochtaí** (CTA) ar bronnadh 'Séala Ceannasachta' orthu.

Chun béim chuí a leagan ar thábhacht agus ar fhócas na n-infheistíochtaí i bhfeabhsú na slándála fuinnimh, agus chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus chun borradh a chur

faoin tsoghluaisteacht ghlan freisin, **molann an Coimisiún cuspóir sonrach a chur san áireamh a bhaineann le hidirnascairí fuinnimh agus bonneagar tarchurtha gaolmhar a chur chun cinn, agus le bonneagar athluchtaithe** ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe a chur chun úsáide.

**Molann an Coimisiún go ndéanfaí réamh-mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí den sórt sin sa tosaíocht sin a fhaigheann tacaíocht ó ath-leithdháileadh a mhéadú go 30 % in 2026 agus go dtairbheodh na hinfheistíochtaí sin de ráta cómhaoinithe méadaithe 100 % ón Aontas.**

Leis an iarracht infheistíochta fheabhsaithe sin, cuirfear ar a gcumas d'earnálacha dianfhuinnimh rochtain a fháil ar fhoinsí fuinnimh atá níos cobhsaí agus níos éagsúla i margadh inmheánach fuinnimh nach bhfuil chomh hilroinnte céanna, agus aghaidh á tabhairt ar a n-inbhuanaitheacht agus ar a n-iomaíochas. Thairis sin, trí thacaíocht CFRE do thionscadail dícharbónaithe a leathnú, beidh tionscail dianfhuinnimh in ann tosaíocht a thabhairt do nuálaíochtaí ardtionchair atá ailínithe le cuspóirí aeráide an Aontais. A mhéid a bhaineann le bonneagar athluchtaithe, comhlánóidh an tacaíocht an tSaoráid um Bonneagar Breoslaí Malartacha arna bunú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

**Iarann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na réigiúin**, agus iad ag athchlárú faoin athbhreithniú meántéarma, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **tacaíocht don teicneolaíocht ghlan agus don aistriú chuig fuinneamh glan a uas-scálú, chun dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh ghlain agus na monaraíochta.** Príomhghné de sin is ea eangacha leictreachais, idirnascairí agus saoráidí stórála fuinnimh a nuachóiriú chun fíor-Aontas Fuinnimh a áirithiú, chomh maith le pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha a scaipeadh, ar tosaíocht thábhachtach é i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch don Earnáil Mótarfheithiclí. Leis an mbeartas comhtháthaithe, tiomnaítear beagnach EUR 9 mbilliún don teicneolaíocht ghlan i gcláir 2021-2027 agus tá níos mó ná aon trian den mhéid sin curtha ar conradh do thionscadail cheana féin;
- **tacú le** próisis agus le táirgí táirgthe **a dhícharbónú**, **go háirithe i gcás réigiúin ina bhfuil tionscail dianfhuinnimh,** trí thacú leis an aistriú tionsclaíoch trí na hionstraimí comhtháthaithe éagsúla, lena n-áirítear an Ciste um Aistriú Cóir. Baineann sé sin go háirithe le hearnálacha a chumhdaítear le CTA AE, ach baineann sé freisin le hearnálacha amhail an earnáil mótarfheithiclí a bhfuil claochluithe tionsclaíocha suntasacha ag tarlú iontu;
- **infheistíocht in ullmhacht do thubaistí a bhaineann leis an aeráid a threisiú**, chomh maith le hoiriúnú dóibh agus iad a mhaolú, ag tógáil freisin ar thogra RESTORE agus ar phrionsabal na hatógála chun feabhais;
- **rannchuidiú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan**, mar shampla trí fhorbairt na bpríomh-mhargaí san Aontas a chur chun cinn, trí acmhainní a atreorú i dtreo an riosca a laghdú agus dlús a chur le glacadh an táirgthe hidrigine san Aontas, chomh maith leis an b**Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne**, trí thacaíocht a thabhairt do chur i gcrích na bpobal fuinnimh, trí eangacha agus idirnascairí leictreachais an Aontais a nuachóiriú, trí thacú le bearta tógála lasmuigh den láthair nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt i dtithíocht, i bhfiontair agus sa bhonneagar poiblí, ós rud é gur príomh-rannchuiditheoir le tithíocht inacmhainne agus iomaíochas tionsclaíoch é an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú.

- **tacaíocht a neartú do ghníomhaíochtaí fuinnimh comhchoiteanna agus faoi stiúir na saoránach**, mar shampla pobail fuinnimh a chruthú, trí acmhainneachtaí riaracháin a mhéadú chun comhairle theicniúil agus airgeadais a sholáthar.

### *Réigiúin Teorann in Oirthear an Aontais*

Tá dhá dhúshlán roimh réigiúin **teorann in Oirthear an Aontais** — a bhfuil teorainn acu leis an **Rúis**, leis an **mBealarúis agus leis an Úcráin** — maidir leis an tslándáil a fheabhsú agus ag an am céanna a ngeilleagair, a raibh tionchar diúltach orthu mar thoradh díreach nó indíreach ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, a athbheochan.

Leis an athbhreithniú meántéarma, is féidir acmhainní beartais comhtháthaithe na gclár lena mbaineann a ath-leithdháileadh chun infheistíochtaí i gcosaint agus iomaíochas an gheilleagair i gcoitinne a mhéadú chun borradh a chur faoina dtéarnamh.

Chun dreasachtaí a neartú le tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí sna réigiúin sin, **molann an Coimisiún go dtairbheodh na cláir lena gcumhdaítear réigiúin ar theorainneacha in oirthear an Aontais de na nithe seo a leanas:**

- ráta cómhaoinithe 100 %,
- réamh-mhaoiniú breise 9.5 % de leithdháileadh iomlán an chláir in 2026,
- agus ráta réamh-mhaoinithe 30 % in 2026 le haghaidh na méideanna a ath-leithdháileadh i dtreo thosaíochtaí nua an athbhreithnithe meántéarma (STEP, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh).

Níl feidhm ag na dreasachtaí sin ach amháin má shroicheann an t-ath-leithdháileadh ar na tosaíochtaí nua sin 15 % ar a laghad de leithdháileadh iomlán an chláir. Níl feidhm aige sin maidir le cláir náisiúnta na mBallstát ag a bhfuil cláir náisiúnta agus réigiúnacha araon.

### *Rathúnas agus an ceart fanachta i ngach críoch a chothú, le beartais shaincheaptha do gach áit*

Tá éifeachtaí an-neamhshiméadrach do na Ballstáit agus do na réigiúin ag baint leis an timpeallacht shocheacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ag athrú, ag brath ar a speisialtóireacht eacnamaíoch, a staid gheografach agus a struchtúr déimeagrafach.

Tá dúshláin roimh go leor réigiún san Eoraip a bhaineann le **fás agus rathúnas marbhánta** nó atá ag laghdú, rud a imríonn tionchar ar cháilíocht na seirbhísí áitiúla agus ar dheiseanna do shaoránaigh. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh chun go mbeidh **ceart fanachta** éifeachtach ag gach saoránach san áit ar a dtugann siad an baile trína áirithiú go mbeidh poist mhaithe ar fáil, agus rochtain acu ar sheirbhísí poiblí bunúsacha amhail oideachas agus sláinte. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i **gcríocha neamhuirbeacha** (limistéir thuaithe, inmheánacha agus iargúlta) agus sna limistéir a shainaithnítear a bheith ag titim i sáinn na Forbartha Tallainne[17]. I ndáil leis sin, chuideodh comhlántacht níos láidre idir cláir an bheartais comhtháthaithe agus tionscnamh LEADER faoi CBT, chomh maith le gníomhaíochtaí chun turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn,

[17] Mar a sainaithníodh sa Teachtaireacht maidir le Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa https://ec.europa.eu/regional_policy/information-sources/publications/communications/2023/harnessing-talent-in-europe-s-regions_en

le pobail áitiúla teacht ar réitigh áitiúla, mar a cuireadh i dtábhacht freisin san Fhís don Talmhaíocht agus do Bhia a foilsíodh le déanaí. D'éascódh gníomhaíochtaí earnálacha lasmuigh den fheirmeoireacht agus den iascach chun deiseanna gnó agus eacnamaíocha eile a chothú, agus ag an am céanna sreabha imirce a bhainistiú chun cur in aghaidh an dídhaonraithe.

Tá dúshláin dá gcuid féin le sárú ag **limistéir uirbeacha**, dúshláin a bhaineann le tithíocht inacmhainne, comhtháthú sochaíoch, brú tráchta agus truailliú. As an mbeartas comhtháthaithe iomlán, infheistítear EUR 24 bhilliún san **fhorbairt uirbeach**, agus tá cathracha ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí dícharbónaithe. Ba cheart leas níos fearr a bhaint as ról na gcathracha agus as na naisc idir cheantair uirbeacha agus thuaithe, chun forbairt réigiúnach chothrom a chur chun cinn, agus **cuirfidh an Coimisiún Clár Oibre uaillmhianach do na Cathracha i láthair** níos déanaí i mbliana.

Agus aitheantas á thabhairt aige don ról tábhachtach atá ag cathracha maidir le cuspóirí an Aontais a bhaint amach, maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin áitiúla agus maidir leis na naisc idir ceantair uirbeacha agus thuaithe a neartú chun forbairt réigiúnach chothrom a spreagadh, **molann an Coimisiún an Tionscnamh Uirbeach Eorpach a threisiú tríd an bhféidearthacht acmhainní a aistriú ó CFRE chuig an Tionscnamh Uirbeach Eorpach a thabhairt isteach**. Thacódh méideanna den sórt sin le gníomhaíochtaí ar mhaithe leis na Ballstáit a bhfuil an t-aistriú á thionscnamh acu. **Molann an Coimisiún freisin Séala Barr Feabhais a bhunú don Tionscnamh Uirbeach Eorpach**, rud a chumasódh tacaíocht faoi chláir an bheartais comhtháthaithe do thionscadail de chuid an Tionscnaimh Uirbigh Eorpaigh a roghnófaí ach nach mbeadh in ann cistiú a fháil mar gheall ar acmhainní neamhleora. Bheadh an **deis** ag na Ballstáit freisin **acmhainní CFRE a aistriú óna gcláir** faoin Sprioc Infheistíochta le haghaidh Post agus Fáis **chuig an Ionstraim um Infheistíocht Nuálaíochta Idir-Réigiúnach,** rud a mbeadh níos mó solúbthachta ag baint leis maidir le húsáid acmhainní.

Tá dúshláin shonracha roimh **na hoileáin agus na réigiúin is forimeallaí** a bhaineann le costais ámhábhar agus fuinnimh níos airde, go háirithe tar éis thús an chogaidh san Úcráin, sa bhreis ar na srianta bunúsacha a eascraíonn as a ndíscor fisiciúil agus a fhad is atá siad ón mórthír a dhéanann difear do mhargadh an tsaothair, don iompar agus don tsoghluaisteacht, don rochtain ar amhábhair, agus don soláthar fuinnimh. Tá aistriú glan na gcríoch sin i dtreo geilleagar aeráidneodrach i bhfad níos deacra mar gheall ar an dícheangal geografach sin. Ina theannta sin, is minic a cheiltear leis an bhfostaíocht shéasúrach a chruthaítear leis an turasóireacht easpa deiseanna tarraingteacha fostaíochta do mhuintir na háite. Ar deireadh, tharla tubaistí nadúrtha foircneacha i roinnt de na hoileáin agus de na réigiúin is forimeallaí agus éilítear dá bharr sin infheistíochtaí nach beag ní hamháin sa téarnamh iarthubaiste ach san oiriúnú don athrú aeráide agus san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide freisin. Chun tacú le hoileáin agus leis na réigiúin is forimeallaí aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ilghnéitheacha sin, seolfaidh an Coimisiún comhairliúchán maidir le Straitéis d'Oileáin a fhorbairt agus maidir le Straitéis nuashonraithe do na Réigiúin is Forimeallaí.

Dá bhrí sin, **iarann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na réigiúin**, agus iad ag athchlárú faoin athbhreithniú meántéarma, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **ról na gcathracha a threisiú maidir le go leor cuspóirí de chuid an Aontais a bhaint amach**, mar shampla trí chistí a aistriú lena dtreisítear an Tionscnamh Uirbeach Eorpach nó trí acmhainní atá tiomnaithe do chathracha a mhéadú. Ag an am céanna, féachfaidh an Coimisiún le díospóireacht leathan a spreagadh i gcomhthéacs

an Chláir Oibre Uirbigh, maidir leis an gcaoi ar féidir le cathracha rannchuidiú le tosaíochtaí an Aontais;

- **a ngealltanais a chur i gcrích chun rannchuidiú le Bauhaus Eorpach Nua**, nár baineadh amach ach go páirteach go dtí seo. Gheall na Ballstáit uile rannchuidiú le seachadadh Bauhaus Eorpach Nua lena gcláir 2021-2027 agus rinne 18 mBallstát prionsabal Bauhaus Eorpach Nua a phríomhshruthú i gcritéir roghnúcháin agus i nglaonna ar thionscadail. Tá luachanna Bauhaus Eorpach Nua ag gabháil go nádúrtha le tacaíocht do thithíocht inacmhainne agus d'fhorbairt uirbeach inbhuanaithe, lena n-áirítear athfhorbairt ar lár bailte, athchóiriú na hoidhreachta cultúrtha, agus feabhsú an bhonneagair ghlais.

## 3. Riaracháin níos láidre le rialacha níos simplí, níos solúbtha agus níos éifeachtaí

Chun a áirithiú go dtacóidh an beartas comhtháthaithe lena chuspóirí a bhaint amach, ní mór dó acmhainneacht an riaracháin phoiblí agus na hearnála príobháidí araon a ghiaráil maidir le seachadadh na mbeartas agus na n-infheistíochtaí is féidir le cistí an bheartais comhtháthaithe a shlógadh. Chuige sin, tá gá le gníomhaíochtaí chun acmhainneacht riaracháin na ngníomhaithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme beartas a threisiú, ar bhonn níos leithne, ní hamháin maidir le cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe; ag an am céanna, má laghdaítear an t-ualach riaracháin trína shimpliú, is féidir dlús a chur le glacadh an chistithe Comhtháthaithe agus é a éascú.

### *Athchóirithe agus acmhainneacht riaracháin*

Is léir ón taithí gur réamhchoinníoll é cumas na riarachán poiblí cistiú ón Aontas a bhainistiú chun na hacmhainní sin a úsáid go héifeachtúil agus go héifeachtach. Tá go leor déanta, bíodh sin le cúnamh teicniúil na gclár comhtháthaithe, STA agus tionscnaimh eile de chuid an Choimisiúin, nó cláir thiomnaithe chun na riaracháin a bhainistíonn na cistí a threisiú agus a nuachóiriú.

Tá treochláir ina bhfuil pleananna gníomhaíochta tiomnaithe chun feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin éiceachóras an bheartais comhtháthaithe ina iomláine á gcur chun feidhme nó á dtabhairt chun críche anois i 15 Bhallstát agus go háirithe ag na riaracháin sin a raibh dúshláin acu a bhaineann lena n-acmhainneacht cistiú ón Aontas a úsáid le himeacht ama. Is doiciméid straitéiseacha iad na 'Treochláir um Fhothú Acmhainneachta Riaracháin' lena n-áirítear anailís ar riachtanais agus ar dhúshláin, gníomhaíochtaí maidir le conas aghaidh a thabhairt orthu, agus gníomhaithe freagracha, arb é is aidhm dóibh cur chuige níos straitéisí a bhaint amach maidir le húsáid acmhainní le haghaidh Cúnamh Teicniúil agus fothú acmhainneachta. Is deis é an t-athbhreithniú meántéarma chun scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na straitéisí sin, chun gealltanas soiléir a thabhairt dlús a chur leis, agus chun bearta tionlacain iomchuí a bhunú trí chúnamh teicniúil lena n-áirítear tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

Chun cuidiú le riaracháin phoiblí a n-acmhainneachtaí agus a n-éifeachtacht a fheabhsú, **soiléirítear sa togra ón gCoimisiún go mbeidh costais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin le haghaidh athchóirithe incháilithe lena n-áirítear le haghaidh athchóirithe neamhspleácha** (i.e. nach ngabhann infheistíochtaí leo).

*Dlús a chur leis an infheistíocht trí shimpliú agus solúbthacht*

Ag an am céanna, is eol don Choimisiún go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun an struchtúr rialála a shimpliú chun tacaíocht níos solúbtha agus níos dírithe a chur ar fáil.

Is príomhthosaíochtaí de chuid an Choimisiúin iad an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a mhaolú do thairbhithe, agus níos tábhachtaí fós d'oibreoirí eacnamaíocha amhail FBManna. Mar a tuaradh sa chompás iomaíochais, déanfaidh an Coimisiún iarracht simpliúcháin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, lena n-áirítear faoin mbeartas comhtháthaithe.

In éineacht leis an Teachtaireacht seo, **tá sraith beart simplithe agus solúbthachta á cur síos ag an gCoimisiún** tríd an togra reachtach sna réimsí seo a leanas:

- **A áirithiú gur féidir acmhainní a ath-leithdháileadh go rianúil ar thosaíochtaí an Aontais**, rud a mhaolóidh na rialacha atá ann faoi láthair lena gceanglaítear cuid mhór de na leithdháiltí a cheangal le réimsí fócais sonracha. Molann an Coimisiún **níos mó solúbthachta a thabhairt isteach sna ceanglais maidir le díriú téamach i ndáil leis na leithdháiltí ar na tosaíochtaí nua**[18] agus maidir le ríomh na ranníocaíochtaí aeráide ar fud CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe (agus na ceanglais fhoriomlána á n-urramú ag an am céanna).
- Chun a áirithiú go mbeidh an creat, chun na hinfheistíochtaí a tugadh isteach le déanaí a thabhairt chun críche agus chun íocaíochtaí a éileamh agus a aisíoc, oiriúnach don fheidhm agus nach mbeidh sé ina dhídhreasacht chun an beartas a spriocdhíriú agus a nuachóiriú ar bhealach níos fearr, **molann an Coimisiún réamh-mhaoiniú aonuaire 5 %** a chur ar fáil **do na cláir uile lena n-ath-leithdháiltear 15 % ar a laghad dá leithdháiltí cláir faoi chreat an athbhreithnithe meántéarma ar infheistíochtaí a bhaineann le STEP, cosaint, tithíocht inacmhainne, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh; chomh maith le síneadh bliana a chur leis an dáta deiridh le haghaidh incháilitheacht an bheartais comhtháthaithe le haghaidh na gclár sin**[19].
- Chun cur chun feidhme **an Chiste um Aistriú Cóir a éascú, baintear srianta maidir le modhnú agus feidhmiú a chláir:**
  - Cuirfear **sásra an tSéala Barr Feabhais i bhfeidhm** maidir le CUAC, rud a fhágfaidh go mbeidh **nós imeachta roghnúcháin simplithe** ann do thionscadail a roghnaítear faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais, nach bhfuil cistiú leordhóthanach acu.
  - Aontaíonn an Coimisiún **leis na féidearthachtaí do thionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste don Nuálaíocht**, lena gceadaítear infheistíochtaí a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, iompar, dáileadh, stóráil nó dóchán breoslaí iontaise, **ar choinníoll gur sannadh 'Séala Ceannasachta' ar na tionscadail sin** faoin gCiste don Nuálaíocht.
  - Beidh sé indéanta **na spriocanna táscairí** sna Pleananna um Aistriú Cóir **a mhodhnú** le linn na tréimhse cur chun feidhme, agus an tiomantas don

[18] I bhfianaise na riachtanas móra infheistíochta chun na cuspóirí dícharbónaithe agus iomaíochais a bhaint amach, ní mór do na Ballstáit leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail a rannchuidíonn go díreach leis an aistriú aeráide agus fuinnimh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/1060 a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu chun leibhéal na n-infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid a choinneáil ar bun.

[19] I gcás réigiúin teorann in Oirthear an Aontais, tá feidhm fós ag na dreasachtaí a léirítear sa chuid shonrach den Teachtaireacht seo, agus níl siad carnach leis na dreasachtaí a léirítear sa mhír seo.

aeráidneodracht agus deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise á choinneáil ag an am céanna.

Chomh maith leis na bearta reachtacha simplithe thuas, **iarann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na réigiúin**, agus iad ag athchlárú faoin athbhreithniú meántéarma, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **úsáid sásraí feidhmíochtbhunaithe a éascú**, amhail na rialacha maidir le Roghanna Costas Simplithe agus Maoiniú nach bhfuil Nasctha le Costais;
- **a shainaithint faoi mhí an Mheitheamh 2025 na tionscadail faoi STA a bhfuil baol ann nach gcomhlíonfar iad faoi mhí Lúnasa 2026 agus a d'fhéadfaí a mheas le haghaidh cistiú ó CFRE/CC**. Dá bhrí sin d'fhéadfaí na tionscadail seo a chur san áireamh leis na leasuithe a d'fhéadfadh a bheith ar chláracha CFRE/CC/CUAC faoin athbhreithniú meántéarma - atá le cur isteach a luaithe agus a ghlacfaidh comhreachtóirí leis an togra reachtach a ghabhann leis an Teachtaireacht seo. I gcás tionscadail atá le cistiú ag CFRE/CC/CUAC, ní mór do na Ballstáit leasú gaolmhar ar a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a iarraidh agus forálacha a chur san áireamh lena n-áiritheofar nach mbeidh tionscadail den sórt sin faoi réir cistiú dúbailte.

Agus na féidearthachtaí nua atá beartaithe i roinn 2 den Teachtaireacht seo á gcur chun feidhme i bhfabhar gnóthas, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha infheidhme an Aontais maidir le Státchabhair, agus a áirithiú go mbeidh cistiú riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainaitheanta agus go mbeidh sé teoranta don íosmhéid is gá. Sa chomhthéacs sin, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí maidir le raon feidhme Chreat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan lena méadófaí na féidearthachtaí chun tacú le FBManna agus chun tacú le gnóthais i limistéir fóirithinte, agus lena gceadófaí cabhair d'fhiontair mhóra i limistéir neamhfhóirithinte faoi choinníollacha áirithe.

## 4. Conclúidí

**Sa chéad CAI eile, ní ann don *status quo*.** Beidh ar an gcéad bhuiséad fadtéarmach eile aghaidh a thabhairt ar na castachtaí, na laigí agus na dolúbthachtaí atá ann faoi láthair agus tionchar gach euro a chaitheann sé a uasmhéadú, agus aird á díriú ar thosaíochtaí agus ar chuspóirí an Aontais san áit is mó a theastaíonn gníomhaíocht an Aontais.

**Mar sin féin, ní thosófar ag seachadadh leis an CAI sin go dtí 2028. Ní féidir leis an Aontas fanacht.** Ní mór dó gníomhú anois, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as an timthriall cistiúcháin atá ann faoi láthair. Ós rud é gurb é an beartas Comhtháthaithe príomhghéag infheistíochta an Aontais, tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, **deis an athbhreithnithe meántéarma a thapú chun an beartas a nuachóiriú** ionas go dtabharfar aghaidh ann ar na tosaíochtaí atá ann cheana agus ar na tosaíochtaí nua araon, agus go gcuirfear dlús lena chur chun feidhme chun go mbeidh tionchar níos láidre aige a luaithe is féidir.

**Leis an Teachtaireacht seo, iarrtar ar na Ballstáit na cláir atá acu cheana a choigeartú chun rannchuidiú infheistíochtaí an bheartais comhtháthaithe le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a uasmhéadú.**

**Tá an chuid is mó den infheistíocht a fhaigheann tacaíocht ón mbeartas comhtháthaithe fós ailínithe le tosaíochtaí nua an Aontais**, cibé acu an gá an bhearna nuálaíochta a dhúnadh agus an t-iomaíochas a neartú, tacaíocht don dícharbónú agus do gheilleagar ciorclach a fheabhsú, nó príomhbhonneagair agus teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhaoiniú. **Ach is féidir tuilleadh a dhéanamh, mar a mhínítear sa Teachtaireacht seo.**

I réimsí an iomaíochais agus na nuálaíochta, an aistrithe dhigitigh agus ghlais, na slándála agus na huathrialach straitéisí, lena n-áirítear an chosaint, nó i soláthar beartas atá saincheaptha ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear seirbhísí poiblí bunriachtanacha d'áiteanna níos iargúlta, is féidir leis an mbeartas a bheith níos roghnaithí, níos spriocdhírithe, le breisluach Eorpach níos mó.

Tá sé **ríthábhachtach** freisin **prionsabail an chomhtháthaithe a fheabhsú a thuilleadh chun tionchar níos mó agus níos mó éifeachtachta a bhaint amach, trí rialacha simplí agus solúbtha, trí chur chuige áitbhunaithe agus beartais shaincheaptha a leanúint**. San iarracht sin, tá sé ríthábhachtach **prionsabal na comhpháirtíochta** le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur chun feidhme, áit a bhfuil ról tábhachtach ag na réigiúin agus ag na cathracha.

**Tá togra reachtach ag gabháil leis an Teachtaireacht** lena bhféadfaí an beartas comhtháthaithe a nuachóiriú cheana féin, le haghaidh na gclár atá ann faoi láthair. Chun an tionchar is mó a imirt ar éifeachtacht agus ábharthacht an bheartais comhtháthaithe i bhfianaise na n-imthosca geopholaitiúla atá ann faoi láthair, **is gá do na comhreachtóirí na tograí reachtacha a ghlacadh a luaithe is féidir.**

**Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, ar na réigiúin agus ar na húdaráis bhainistíochta, chomh maith le Parlaimint na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún páirt chuiditheach a ghlacadh sa phlé sin agus iarrann sé ar na Ballstáit agus ar Pharlaimint na hEorpa dlús a chur leis an obair reachtach** chun a áirithiú go leanfaidh prionsabal an bheartais comhtháthaithe agus prionsabal an chomhtháthaithe de bheith i gcroílár an tionscadail Eorpaigh.

Breithneoidh an Coimisiún **treoirlínte** a chur ar aghaidh, faoin samhradh, **maidir leis an raon feidhme chun tuairisciú don Choimisiún a shimpliú agus maidir le léirmhíniú na bhforálacha atá ann cheana** chun éiginnteacht a laghdú a d'fhéadfadh a bheith ina dhíspreagadh d'infheistíocht a fhaigheann tacaíocht ó chistí comhtháthaithe.

**Iarrtar ar na Ballstáit agus ar na réigiúin a leasuithe ar na cláir a chur isteach <u>laistigh de dhá mhí ó theacht i bhfeidhm na reachtaíochta athbhreithnithe.</u>** Tá an Coimisiún réidh chun tacú leis na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus leasuithe ar an gclár á n-ullmhú acu. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na leasuithe atá beartaithe agus oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis na húdaráis chun a áirithiú go nglacfar na cláir athbhreithnithe laistigh de 2 mhí ón dáta a chuirfidh na húdaráis náisiúnta nó réigiúnacha na leasuithe isteach. **Is é an cuspóir atá ann próiseas an athchláraithe faoin athbhreithniú meántéarma a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir agus faoi dheireadh 2025**, ionas gur féidir leis na Ballstáit, na réigiúin agus na húdaráis áitiúla tús a chur le cur chun feidhme na gclár

coigeartaithe ó 2026 ar aghaidh agus le linn an dara leath den timthriall CAI atá ann faoi láthair[20].

Ina theannta sin, **molann an Coimisiún do na Ballstáit faireachán comhpháirteach a thabhairt isteach ar phríomhinfheistíochtaí** a dtacaíonn cistí comhtháthaithe leo ar fud na leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún. Dhíreodh sé sin ar réimsí tábhachtacha fócais, chun cur chun feidhme a stiúradh agus dlús a chur leis ar bhealach níos fearr agus chun a áirithiú go gcuirfear i gcrích go tráthúil iad. Ba cheart é sin a bheith éadrom agus beidh simpliú ar tharchur agus ar thuairisciú sonraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún ag gabháil leis, trí idirnascadh níos leithne idir córais tuairiscithe airgeadais náisiúnta agus córais tuairiscithe airgeadais an Aontais.

Tionólfaidh an Coimisiún **Idirphlé Cur Chun Feidhme** freisin faoi mhí Iúil 2025[21] le páirtithe leasmhara atá tiomnaithe go sonrach don bheartas comhtháthaithe. Is uirlis nua an tIdirphlé sin, agus cuideofar leis meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe trí bhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach, trí dhea-chleachtais a shainaithint, agus trí bhacainní ar na rialacha atá ann cheana agus ar a gcur chun feidhme a aithint. Ina theannta sin, féachfaidh an t-idirphlé le moltaí sonracha a dhéanamh chun próisis cur chun feidhme a fheabhsú agus a shimpliú, lena n-áiritheofar ailíniú níos láidre le cuspóirí an Aontais.

**Mar a leagtar amach sa 'Bealach chuig an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile'[22], is gá anailís chomhroinnte a dhéanamh ar na dúshláin bhunúsacha agus ar an dlúthchomhar, i bhfianaise ullmhú an togra ón gCoimisiún, chun an chéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais a mhúnlú.** Is leas coiteann é buiséad AE atá láidir agus éifeachtach. Dá bhrí sin, cuirfidh an togra le haghaidh an chéad chreata airgeadais eile le comhairliúchán leathan, le hionchur ar leibhéal polaitiúil, institiúideach agus páirtithe leasmhara, mar aon le rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach agus breithniú ar bhallraíocht ionchasach an Aontais.

**Beidh idirphlé leanúnach agus struchtúrtha le hionadaithe de chuid na mBallstát, ar leibhéil éagsúla ar fud na hEorpa, ríthábhachtach chun cinneadh a dhéanamh maidir le 'cad' a mhaoineofar le haghaidh ár dtodhchaí comhpháirtí agus 'conas' a mhaoineofar é**. I bhfianaise an mhéid sin, beidh an Coimisiún rannpháirteach ar leibhéil éagsúla i bpróiseas cuimsitheach mar chuid dá ullmhúchán le haghaidh an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile.

Leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, **ní mór an bealach a réiteach le haghaidh Aontas a bheidh níos láidre agus dírithe ar an todhchaí.**

[20] Féadfaidh an t-údarás bainistíochta iarratas ar an réamh-mhaoiniú breise iomlán a eascraíonn as cur i bhfeidhm na reachtaíochta nua a chur isteach a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún clár modhnaithe lena ndéantar méideanna a ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí nua. Comhairfear méid an réamh-mhaoinithe a iarrtar in 2025 in aghaidh spriocanna N+ 3 le haghaidh 2025.

[21] Sainithe sa Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú le haghaidh Eoraip níos simplí agus níos tapúla — COM(2025) 47 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:52025DC0047

[22] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - *The road to the next multiannual financial framework* [An bealach chuig an gcéad chreat airgeadais illbhliantúil eile] COM(2025) 46 final, 11.2.2025.